Ionad na dTeangacha
Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

# Teastas Eorpach na Gaeilge

## Meánleibhéal 1 (B1)

## Scrúdú samplach

## Scrúdú Cainte

*© Ollscoil na hÉireann, Má Nuad*

# An Scrúdú Cainte Meánleibhéal 1 (B1)

- Tá 30% de mharcanna iomlána an scrúdaithe ag dul don Scrúdú Cainte.
- Iarrthóir amháin a bheidh faoi scrúdú ag aon am faoi leith.
- Beidh beirt i mbun an scrúdaithe. Beidh duine amháin ag cur na gceisteanna agus i mbun stiúrtha agus measúnachta agus beidh an duine eile i mbun measúnachta an t-am ar fad agus ní bheidh sé/sí páirteach sa chomhrá.
- Déanfar gach scrúdú cainte a thaifeadadh.
- Tá dhá chuid sa scrúdú seo agus tá gach ceist acu sin ar cómharc.
- Cuirfear treoir chinnte agus oiliúint chuimsitheach maidir le measúnú ar fáil dóibh siúd a bheidh i mbun na scrúduithe cainte.
- Déanfar measúnacht ar na gnéithe seo a leanas: tuiscint agus líofacht, smacht ar an ghramadach, stór focal, foghraíocht agus straitéisí cumarsáide.

## Cuid 1

- Comhrá ginearálta idir an t-iarrthóir agus an scrúdaitheoir a bheidh sa chuid seo den scrúdú.
- Bainfidh na ceisteanna le topaicí ginearálta faoi mar atá leagtha síos sa siollabas. Mar shampla; cúlra, áit chónaithe, cúrsaí oibre nó staidéir, oideachas, caitheamh aimsire agus ábhair eile.
- Beifear ag súil go mbeidh na hiarrthóirí in ann tuairimí simplí a nochtadh maidir leis na hábhair chomh maith le cur síos a dhéanamh ar rudaí a tharla dóibh agus pleananna atá acu.
- Moltar do na hiarrthóirí freagraí loma a sheachaint. Ba cheart dóibh iarracht a dhéanamh forbairt a dhéanamh ar a gcuid freagraí agus cúiseanna a thabhairt agus samplaí a chur ar fáil oiread agus is féidir.
- Moltar go láidir do na hiarrthóirí gan píosaí a chur de ghlanmheabhair don scrúdú cainte.

## Cuid 2

- Tabharfaidh an scrúdaitheoir pictiúr/grianghraf/cartún nó sraith de phictiúir, de ghrianghraif nó de chartúin don iarrthóir. Radhairc ón ghnáthshaol a léireofar iontu. Féach sampla i m**Bileog 1** thíos.
- Beidh **2 nóiméad** ag an iarrthóir le breathnú ar an bhileog sula ndéanfaidh sé/sí cur síos don scrúdaitheoir ar an mhéid atá le feiceáil.
- Ba cheart don iarrthóir cur síos chomh hiomlán agus is féidir leis/léi a dhéanamh ar na daoine atá sa phictiúr agus/nó ar an mhéid atá ag tarlú. Ní bheifear ag súil ag an leibhéal seo go ndéanfadh na hiarrthóirí trácht ar chomhthéacs na bpictiúr nó ar cheisteanna ginearálta a ardaítear iontu.
- Ní bheifear ag súil leis na hiarrthóirí aon sainfhoclóir a bheith acu, ach beidh marcanna le gnóthú acu siúd a léiríonn go bhfuil siad in ann straitéisí oiriúnacha ar nós athleaganacha (*paraphrase*) a úsáid nuair nach bhfuil an focal ceart acu nó nuair nach féidir leo cuimhneamh ar an fhocal cheart.
- Beifear ag súil leis na hiarrthóirí a léiriú go bhfuil ar a gcumas píosaí fada cainte a eagrú agus a chur i dtoll a chéile.

*© Ollscoil na hÉireann, Má Nuad*

## Cuid 2

## Bileog an iarrthóra

- Féach ar an bhileog thíos.
- Tá dhá nóiméad agat le féachaint ar na pictiúir agus le bheith ag smaoineamh faoin ábhar.
- Déan cur síos ar an scéal atá sna pictiúir. Tosaigh le Pictiúr 1 agus téigh ar aghaidh go dtí an ceann deireanach, Pictiúr 6.
- Freagair aon cheisteanna a chuirfidh an scrúdaitheoir ort.




*© Ollscoil na hÉireann, Má Nuad*